Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Márta 2019**
**(OR. en)**

**7629/19**

**FIN 250**
**INST 82**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6867/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 34/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Cóiríocht oifige institiúidí an Aontais Eorpaigh – roinnt dea-chleachtais bhainistíochta ach laigí éagsúla freisin<br>– *Conclúidí ón gComhairle (18 Márta 2019)* |

Gheobhaidh toscaireachtaí san Iarscríbhinn conclúidí na Comhairle maidir leis an Tuarascáil Speisialta Uimh. 34/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Cóiríocht oifige institiúidí an Aontais Eorpaigh – roinnt dea-chleachtais bhainistíochta ach laigí éagsúla freisin", arna ghlacadh ag an gComhairle ag a 3680ú cruinniú a tionóladh ar an 18 Márta 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 34/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Cóiríocht oifige institiúidí an Aontais Eorpaigh – roinnt dea-chleachtais bhainistíochta ach laigí éagsúla freisin**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 34/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ("an Chúirt") maidir le cóiríocht oifige institiúidí an Aontais Eorpaigh[1] agus conclúidí na Cúirte go mbainistíonn institiúidí an Aontais, go ginearálta, a gcuid caiteachais ar chóiríocht oifige ar bhealach éifeachtúil, bíodh is gur sainaithníodh laigí éagsúla.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcaitheann institiúidí an Aontais tuairim is EUR aon bhilliún in aghaidh na bliana ar fhoirgnimh, (arb ionann sin agus thart ar 11 % dá mbuiséid do chaiteachas riaracháin, céatadán nár tháinig aon athrú air le cúig bliana anuas), agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí is atá sé faireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas sin agus srian docht a choimeád air chun an éifeachtúlacht a mhéadú agus an costas a laghdú.

3. TACAÍONN SÍ go hiomlán leis na moltaí a rinne an Chúirt sa Tuarascáil Speisialta agus IARRANN SÍ ar na hinstitiúidí na bearta uile is gá a dhéanamh chun go gcuirfear na moltaí sin chun feidhme ar bhealach tráthúil éifeachtach.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an bharúil ón gCúirt gur i ndoiciméid éagsúla atá straitéisí na n-institiúidí maidir le foirgnimh leagtha amach, go bhfuil cuid díobh as dáta nó nach bhfuil cuid eile díobh formheasta go hoifigiúil, agus nach mbíonn cásanna éagsúla i gcónaí i gceist maidir leis an bpleanáil a bhaineann le riachtanais réadmhaoine, agus TATHANTAÍONN SÍ ar na hinstitiúidí a gcuid straitéisí maidir le foirgnimh a nuashonrú agus a thabhairt chun foirmiúlachta agus iad a chomhlánú le pleanáil mheántéarmach bunaithe ar mheasúnú tráthrialta ar riachtanais.

---

[1] Cumhdaítear leis an iniúchadh na cúig institiúid a bhfuil an chóiríocht oifige is mó acu (Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, an Chúirt Bhreithiúnais agus an Banc Ceannais Eorpach).

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhar forleathan atá ann cheana féin idir institiúidí ar an láthair chéanna, darb aidhm saincheisteanna straitéiseacha réadmhaoine a phlé, faisnéis a chomhroinnt maidir le tionscadail tógála atá ar na bacáin agus féidearthachtaí a fhiosrú maidir le comhshuí mar aon le rannpháirtíocht chomhpháirteach i nósanna imeachta tairisceana idirinstitiúideacha, agus MOLANN SÍ do na hinstitiúidí leanúint de bheith ag obair go gníomhach i gcomhar le chéile i bhfóraim idirinstitiúideacha sheanbhunaithe[2].

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI go soláthraíonn tíortha óstacha tacaíocht theicniúil agus coinníollacha fabhracha de ghnáth do na hinstitiúidí agus, ar an gcaoi sin, go bhféadtar coigiltis mhóra a dhéanamh i mbuiséad an Aontais.

7. TACAÍONN SÍ le moladh Uimh. 3 ón gCúirt maidir le trédhearcacht bhuiséadach agus laghdú ar an gcastacht a bhaineann le tionscadail tógála a mhaoiniú.

8. IS OTH LÉI an cleachtas atá ag roinnt institiúidí réamhíocaíochtaí suntasacha a dhéanamh ar thionscadail tógála ag deireadh na bliana agus TATHANTAÍONN SÍ ar na hinstitiúidí, i gcomhréir leis an moladh ón gCúirt, foráil bheacht a dhéanamh, i gcás inar féidir, maidir le réamhíocaíochtaí ar thionscadail tógála sna línte buiséadacha iomchuí nuair a bheidh a mbuiséid bhliantúla á socrú acu.

9. TATHANTAÍONN SÍ ar na hinstitiúidí measúnú cúramach a dhéanamh ar rioscaí sula seoltar mórthionscadail tógála agus athchóirithe agus, ina theannta sin, sula sínítear léasanna fadtéarmacha chun nósanna imeachta bainistíochta iomchuí a chur ar bun, darb aidhm moilleanna agus costais bhreise airgeadais a sheachaint, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún samplaí dea-chleachtas maidir leis sin a bhailiú agus a chomhroinnt.

10. IS OTH LÉI an easpa sonraí tuairiscithe maidir le catagóirí spáis gona gcóimheasa costais, rud a shainaithin an Chúirt, agus a neamhréirí is atá na sonraí sin, agus TATHANTAÍONN SÍ ar na hinstitiúidí modheolaíocht chomhchoiteann a ghlacadh chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht a bpunann foirgneamh d'fhonn inchomparáideacht faisnéise a áirithiú de bhíthin chomhchuibhiú na sonraí.

---

[2] An Mheitheal Idirinstitiúideach um Bonneagar, Lóistíocht agus Seirbhísí Inmheánacha sa Bhruiséil agus, i Lucsamburg, an *Groupe Interinstitutionnel de Coordination Immobilière à Luxembourg*.

11. IS MÓR AICI na tuairimí a thug roinnt institiúidí, ar cúis imní dóibh an tuarascáil, don Chomhairle i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis agus IS OTH LÉI an easpa aiseolais ó Pharlaimint na hEorpa, aiseolas a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun measúnú a dhéanamh ar na barúlacha ón gCúirt, ós rud é freisin go bhfuil ról tábhachtach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle maidir le faireachán a dhéanamh ar thionscadail tógála.

12. MEABHRAÍONN SÍ do na hinstitiúidí ar fad a thábhachtaí is atá sé faisnéis maidir lena mbeartais foirgneamh a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go tráthúil i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Airgeadais.

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féilire táscach a chur ar fáil go tráthrialta, ar bhonn bliantúil nó in aghaidh an tseimeastair, dá iarrataí ar thionscadail tógála a chuireann sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

14. MEABHRAÍONN SÍ do na hinstitiúidí ar fad nach mór conarthaí a dhámhachtain i nósanna imeachta tairisceana ar bhonn na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch.

15. MOLANN SÍ don Chúirt an Tuarascáil Speisialta seo a chomhlánú le hathbhreithniú pras ar chásanna maidir le caiteachas ar chóiríocht oifige i ngníomhaireachtaí díláraithe agus comhghnóthais an Aontais Eorpaigh.

16. IARRANN SÍ ar an gCúirt tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ag na hinstitiúidí maidir lena gcaiteachas ar chóiríocht oifige a bhainistiú ar dhul in éag don amchlár atá beartaithe do mholtaí.